Poist sna Gaeltachtaí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéalta fostaíochta sna Gaeltachtaí.

Cén Ghaeilge atá ar na focail/ frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- annual reassessment
- net increase
- full-time
- resources
- sectors
- medical gear
- funding
- investment
- lead organisation
- positive
- export/exportation

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo:
   - 553
   - 215
   - 7,869

2. I gcás amháin, ní thugann an bheirt tuairisceoirí an t-eolas céanna. Cad é?

3. Cad a bhí le rá ag Siubhán Nic Grianna agus ag Joe McHugh?

4. Cad a dúradh sa mhír faoi Theach an Phiarsaigh?

5. Cad a dúradh faoi phleanáil teanga?

Ceist 3 '…faoi d**h**eireadh m**h**í M**h**eán Fómhair…'

1. Mínigh cúis an tséimhithe sa sampla thuas.
2. Scríobh amach míonna na bliana sa chéad cholún.
3. Scríobh amach arís iad tar éis an fhocail ***mí***.

Eanáir	Mí Eanáir

Ceist 4 Féach ar na hiolraí seo a bhí le cloisteáil sa mhír. An lagiolraí nó tréaniolraí iad? Mura bhfuil tú cinnte, féach san fhoclóir:

comhlachtaí
acmhainní
earnálacha
poist (postanna)
blianta
ceanneagraíochtaí

Cuir foirm iolra na n-ainmfhocal sna bearnaí agus cuir in iúl cé acu lagiolra nó tréaniolra atá i gceist.

1. Shíl Seán go raibh dath na _____ (bord) sa bhialann go hálainn.
2. Níl clár ama na _____ (traein) ar fáil ar líne.
3. Is léir nach mbacann polaiteoirí le dearcthaí na _____ (duine).
4. Chaith Bríd an oíche ar fad ag plé na _____ (fadhb) go léir lena máthair.
5. Tá doirse na _____ (teach) ar fad ar an tsráid mar an gcéanna.
6. Beidh athair na _____ (páiste) anseo i gceann tamaill.
7. Tá líon na _____ (gluaisteán) ag dul in airde sa chathair gach bliain.
8. Is cinnte go bhfuil réimse na _____ (ábhar) scoile an-éagsúil ar fad.

Ceist 5 Is minic a mheasctar na focail seo. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

tionscal
tionscadal
tionscnamh

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth nach bhfuil an t-airgead céanna ag Údarás na Gaeltachta i mbliana agus a bhí sa bhliain 2008, dar leat?
2. Déan cur síos ar obair Údarás na Gaeltachta.
3. Cén fáth a bhfuil gá le pleanáil teanga sa Ghaeltacht, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

annual reassessment – *athbhreithniú bliantúil*
net increase – *glanmhéadú*
full-time – *lánaimseartha*
resources – *acmhainní*
sectors – *earnálacha*
medical gear – *feisteas (feistis) leighis*
funding – *maoiniú*
investment – *infheistíocht*
lead organisation – *ceanneagraíocht*
positive – *dearfach*
export/exportation – *easpórtáil*

Ceist 2

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 3

1. Faoi d**h**eireadh: leanann séimhiú an réamhfhocal ***faoi***.
   Mí M**h**eán Fhómhair: cuirtear ainm na míosa sa tuiseal ginideach tar éis an fhocail ***mí***.
   Faoi dheireadh m**h**í Mheán Fómhair: Nuair a thagann dhá shampla den tuiseal ginideach le chéile, is minic a fhágtar ceann amháin acu sa tuiseal ainmneach. Sa chás seo, tá ***Mheán Fómhair*** sa tuiseal ginideach cheana féin mar gheall go dtagann an focal ***mí*** roimhe. Ní féidir ***mí*** a chur sa tuiseal ginideach chomh maith, ach fágtar san ainmneach é agus cuirtear séimhiú air.
2. Agus 3.

Eanáir	Mí Eanáir
Feabhra	Mí Feabhra
Márta	Mí an Mhárta
Aibreán	Mí Aibreáin
Bealtaine	Mí na Bealtaine
Meitheamh	Mí an Mheithimh
Iúil	Mí Iúil
Lúnasa	Mí Lúnasa
Meán Fómhair	Mí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	Mí Dheireadh Fómhair
Samhain	Mí na Samhna
Nollaig	Mí na Nollag

Ceist 4

comhlachtaí – tréaniolra
acmhainní – tréaniolra
earnálacha – tréaniolra
poist – lagiolra (postanna – tréaniolra)
blianta – tréaniolra
ceanneagraíochtaí – tréaniolra

1. Shíl Seán go raibh dath na **mbord** sa bhialann go hálainn. (*lagiolra)*
2. Níl clár ama na **dtraenacha** ar fáil ar líne. (*tréaniolra)*
3. Is léir nach mbacann polaiteoirí le dearcthaí na **ndaoine**. (*tréaniolra)*
4. Chaith Bríd an oíche ar fad ag plé na **bhfadhbanna** go léir lena máthair. (*tréaniolra)*
5. Tá doirse na **dtithe** ar fad ar an tsráid mar an gcéanna. (*tréaniolra)*

6. Beidh athair na **bpáistí** anseo i gceann tamaill. (*tréaniolra)*
7. Tá líon na **ngluaisteán** ag dul in airde sa chathair gach bliain. (*lagiolra)*
8. Is cinnte go bhfuil réimse na **n-ábhar** scoile an-éagsúil ar fad. (*lagiolra)*

Ceist 5
tionscal – industry
tionscadal – project
tionscnamh – initiative

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha
533 post nua a cruthaíodh sa Ghaeltacht anuraidh de réir athbhreithniú bliantúil Údarás na Gaeltachta. Sin glanmhéadú 215 post lánaimseartha. Bhain os cionn leath de na postanna[1] sin le comhlachtaí i nGaeltacht Thír Chonaill. I nGaeltacht Chiarraí agus i nGaeltacht Mhaigh Eo amháin a bhí laghdú i gceist.

Irene Ní Nualláin
Chruthaigh comhlachtaí a dtacaíonn Údarás na Gaeltachta leo 553 post nua anuraidh. Nuair a chuirtear an líon post a cailleadh san áireamh, glanmhéadú de 215 post lánaimseartha a bhí i gceist. 7,869 duine san iomlán a bhí fostaithe i gcomhlachtaí de chuid an Údaráis anuraidh. Cruthaíodh 208 post nua i nGaeltacht Dhún na nGall. Dhírigh an tÚdarás go leor dá chuid acmhainní ar an gceantar seo le blianta beaga anuas.

Siubhán Nic Grianna
Is iad na hearnálacha is mó fás a bhfuil muidne ag díriú isteach orthu ná feistis leighis, ó tharla muid ag caint ar cheantar na Gaillimhe anseo. Ó thuaidh, tá muid ag iarraidh comhlachtaí a mhealladh atá dírithe, is dócha, ar an earnáil bídh[2]. Bhí buiséad an Údaráis thuas ag 25 milliún in 2008 agus bhí laghdú ar an mbuiséad sin le roinnt blianta anuas. Tá maoiniú de 7 milliún ar fáil don Údarás le díriú ar a chuid oibre i mbliana. Ach, tá ráite againn, dá mbeadh dhá mhilliún déag ar fáil againn go mbeadh muid in ann dul ar aghaidh, cur leis an líon post atá á chéadú againn ó bhliain go bliain agus díriú i dtreo 8 míle duine a bheith fostaithe sa Ghaeltacht faoin bhliain 2020.

Irene Ní Nualláin
Tá sé tugtha le fios san athbhreithniú go bhfuil sé i gceist an t-ionad nua cuairteoirí ag Teach an Phiarsaigh a oscailt faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair na bliana seo. Ionad a bhfuil infheistíocht milliún euro déanta ag an Údarás ann. Maidir le pleanáil teangan[3], fógraíodh go mbeadh ocht gcinn déag de cheanneagraíochtaí ag tabhairt faoi phleanáil na teangan a ullmhú agus a fheidhmiú i mbliana.

Dúirt Aire Stáit na Gaeltachta, Joe McHugh, gur scéal thar a bheith dearfach atá san athbhreithniú bliantúil. Dúirt sé go bhfuil an méadú is mó ar fhostaíocht le feiceáil i gcomhlachtaí atá ag díriú ar easpórtáil agus go bhfuil ag éirí le straitéis an Údaráis cuidiú le comhlachtaí díriú ar an earnáil seo.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4, ag Ceanncheathrú Údarás na Gaeltachta.

[1] *poist* an leagan caighdeánach
[2] *bia* an leagan caighdeánach
[3] *teanga* an leagan caighdeánach